An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí 2018/2019

## Moltaí ar úsáid am gairmiúil

Is am é **an t-am gairmiúil do mhúinteoirí** nuair nach mbíonn aon teagmháil le scoláirí agus ina mbeidh múinteoirí ag glacadh páirt i réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha a chabhróidh le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. D'fhéadfadh an t-am seo deis a thabhairt do mhúinteoirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile le cabhrú leis an tSraith Shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla don mhúinteoir aonair agus do roinn an ábhair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir a bheith á dtiomsú i gcomhair Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)
- Freastal ar Chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)
- Ullmhúchán i gcomhair Cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus iad a mhaoirsiú.
- Tionscadal CSS an 3ú bliain sna seomraí ranga a riar

Sa doiciméad seo faightear **liosta de mholtaí** ar bhealaí a dtiocfadh le múinteoirí na hInnealtóireachta an 22 uair d'am gairmiúil a thugtar dóibh a úsáid ó 2018 ar aghaidh. Cuimsíonn na moltaí deiseanna le haghaidh **gníomhaíochtaí gairmiúla** don mhúinteoir aonair agus / nó do roinn an ábhair agus ní liosta iomlán é.

I dteannta na moltaí thíos, is tábhachtach go gcuimhneofaí go dtarlóidh Cruinnithe AFMÁ **tar éis Measúnuithe Rangbhunaithe** (MRB 1 agus MRB 2). Nuair a fhreastalóidh múinteoir ar chruinniú AFMÁ, a bheidh ann tar éis gach MRB, is ionann fad an chruinnithe AFMÁ agus cuid den **22 uair** d'am gairmiúil an mhúinteora sin.

Is moltaí iad a bhfuil sa liosta thíos, ina leagtar amach úsáid am gairmiúil, agus níl ann ach moltaí. **Ar chaoi chomhairleach**, is faoi gach grúpa bainistíocht scoile, roinn ábhair agus múinteoir atá sé an 22 uair d'am gairmiúil a phleanáil ar bhealach a **chuideoidh le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú**.

### An Scoil Uile

An Creat don tSraith Shóisearach 2015 a fhiosrú 2015

- Díospóireachtaí agus cruinnithe don scoil uile ar impleachtaí an Chreata ar chleachtas teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe
- Gníomhaíochtaí machnaimh don social uile ar cheithre réimse ón doiciméad Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – 2020, Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna.

# Moltaí ar Am Gairmiúil Múinteoirí a Úsáid

**Innealtóireacht**

Am Gairmiúil in 2018 agus ar aghaidh

## Cleachtas an Mhúinteora Aonair

- Dul i ngleic leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015
- Féachaint ar www.curriculumonline.ie agus dul i ngleic leis an tsonraíocht ábhair do Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí www.curriculumonline.ie
- An 36 toradh foghlama (TFanna) a fhiosrú agus naisc a aithint san fhoghlaim ar fud na Snáitheanna agus na nGnéithe
- Meabhrú conas a dhéanfá an fhoghlaim seo feiceálach agus cabhrú le rannpháirtíocht scoláirí sna TFanna agus Aonaid Foghlama á bpleanáil
- Straitéisí agus acmhainní don seomra ranga a aimsiú agus a fhorbairt a chabhródh le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú laistigh de réimsí na sonraíochta
- Research acmhainní don seomra ranga a thaighde agus a chruthú a chabhródh le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú ón tsonraíocht
- Machnamh agus measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhí an fhoghlaim i do rang agus aiseolas a thabhairt chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil amach anseo.
- Tuilleadh deiseanna FGL / EFG a lorg ar an láthair agus ar líne (Eispéireas Foghlama Gairmiúil) ó SSM nó ó fhoinsí eile

## Cleachtas Comhoibríoch Múinteoirí

**Pleanáil na Roinne Ábhair**

- Fís a chruthú don Roinn Innealtóireachta agaibh
- Noirm a shocrú ina leagtar amach conas a bheidh sibh ag obair le chéile
- Machnamh ar bhur bhfoghlaim ghairmiúil trí athbhreithniú a dhéanamh ar na laethanta FGL agus ar an ábhar acmhainne ar www.jct.ie
- Nascadh le múinteoirí eile / Líonraí Gairmiúla Múinteoirí eile
- Naisc a chothú le gníomhaireachtaí seachtracha
- Trí na Torthaí Foghlama a fhiosrú meabhrú conas a dhéanfaidh sibh fianaise ar an bhfoghlaim seo a bhailiú agus a ghabháil
- Obair a dhéanamh i gcomhar le chéile chun na Torthaí Foghlama a ghrúpáil agus Aonaid Foghlama a phleanáil
- Acmhainní a roinnt ar straitéisí ar éirigh leo agus sibh ag machnamh ar chleachtas reatha an tseomra ranga
- Pleanáil i gcomhair measúnú agus tuairisciú ar MRBnna i gcomhréir leis na Treoirlínte Measúnaithe (www.curriculumonline.ie)
- Riarachán maidir le tionscadal sa 3ú bliain de réir na dtreoirlínte ó CNCM / CSS.